

Braitheann an todhchaí ort féin

Cuir do thuairim chun tosaigh



An Chomhdháil
ar Thodhchaí
na hEorpa

Painéal saoránach chun moltaí a cheapadh don
Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa,
an 11-12 Márta 2022

Tuarascáil Achomair

An Róimh, an 16 Márta 2022



Clár na nÁbhar

Clár na nÁbhar	1
1. Treoirphrionsabail an Phróisis maidir le hEagrú na bPainéal.....	2
2. Nósanna Imeachta maidir le Rannpháirtithe a Roghnú agus maidir lena Rannpháirtíocht.....	3
3. Eagrú an Phainéil.....	6
4. An Clár Oibre don Obair	6
5. Moltaí Bailithe.....	8
Geilleagar níos láidre, Ceartas Sóisialta agus Poist.....	8
___ 1. Múnla Táirgeachta an 20ú hAois a Shárú	8
___ 2. Rialacháin le haghaidh táirgeadh giniúnach agus cuimsitheach.....	9
___ 3. Fás a thomhas i sonas daoine agus ní i gcainníocht táirgí	9
___ 4. Comhtháthú níos mó i measc Stát	10
___ 5. Beartais maidir le cuimsiú	11
___ 6. Fostaíocht.....	12
An Eoraip sa domhan.....	13
___ 1. An Fhéiniúlacht Eorpach a Neartú	13
___ 2. An Geilleagar agus na hInstitiúidí a neartú.....	14
___ 3. Comhar agus Comhpháirtíochtaí	15
___ 4. Pointe Tagartha Polaitiúil agus Cultúrtha	16
6. Meastóireacht Chríochnaitheach ag na Rannpháirtithe.....	16

1. Treoirphrionsabail an Phróisis maidir le hEagrú na bPainéal

Ceapadh an próiseas iomlán maidir le cur chun feidhme an phainéil chun cloí leis na tásca sa Treoir le haghaidh na bPainéal Saoránach Náisiúnta i gcomhthéacs na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Go sonrach:

- **Cuspóir:**
Líon gach duine ar tugadh cuireadh dóibh ceistneoir rannpháirtíochta a líonadh isteach ina léirítear na cuspóirí agus na haidhmeanna atá leis an tionscadail, agus tagairtí sonracha déanta don Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, na topaicí a chumhdaítear agus na modhanna rannpháirtíochta.
- **Trédhearcacht:**
Cuireadh na hábhair ar fad chun an tionscnamh a chur i láthair ar fáil do na rannpháirtithe ar bhealaí éagsúla, agus tagairt á déanamh i gcónaí do shuíomh gréasáin oifigiúil na Comhdhála agus na hábhair á gcur ar ríomhphost chuig na rannpháirtithe uile.
- **Cuimsitheacht:**
Tugadh an cuireadh chun páirt a ghlacadh ar bhealaí éagsúla, ar nós: cuireadh ar ríomhphost do chomhalta Chomhphobal na **Buanmeithle**, agus scaipeadh naisc chun an fhoirm iarratais a líonadh isteach trí Twitter agus LinkedIn. Rinneadh an fhoirm iarratais a rochtain breis agus 400 uair agus fuarthas 245 iarratas. Roghnaíodh na rannpháirtithe (go randamach) ar bhealach inar cinntíodh go raibh daoine arb éagsúil a n-inscne, aois, cúlra sóisialta, áiteanna cónaithe agus stádas fostaíochta páirteach.
- **Ionadaíochas:**
Cé nach bhfuil méid an tsampla ionadaíoch sa chiall staitistiúil, ceapadh an sásra chun an sampla a chur le chéile chun go mbeadh a oiread ilchineálachta is féidir i measc na rannpháirtithe chun macasamhail de micreacasma den spriocdhaonra a dhéanamh.
- **Faisnéis:**
Tugadh faisnéis chuimsitheach do na rannpháirtithe faoin gComhdháil agus faoi na topaicí a pléadh sa phainéal. Sa roinn tosaigh, athdhearbhaíodh cuspóirí agus módúlachtaí an tionscadail de réir phrionsabail na neodrachtá agus na hiomláine. Tugadh deis do gach rannpháirtí níos mó faisnéise agus sonraí faoin imeacht a iarraidh trí uimhreacha teileafóin díreacha bhainisteoirí tionscadail na buanmeithle a thabhairt dóibh.
- **Pléghrúpaí:**
Ba é príomhchuspóir an phróisis iomláin moltaí nithiúla a cheapadh, le cur faoi bhráid an Aontais Eorpaigh, a mbeadh na rannpháirtithe ar aon fhocal maidir leo, ar an mórgóir. D'eascair próiseas inar díródh ar thásca na rannpháirtithe a bhailiú, ar fhorbairt agus ar shintéis na dtásc sin, chomh maith lena bhfíorú agus lena mbailíochtú ag na grúpaí féin trí sheisiún oibre ina dhiaidh sin, as an gcur chuige oibre sin agus as an gcaoi inar stiúradh na grúpaí.
- **Sceidealú:**
Bhí atmaisféar réchúiseach ann le linn na seisiún oibre, agus bhí go leor ama ag na rannpháirtithe féachaint ar na saincheistanna ar iarradh orthu a phlé, a dtuairimí a chur in iúl ina leith agus éisteacht le tuairimí daoine eile. Cinneadh an dá phríomhghrúpa a roinnt in dhá fhoghrúpa ar an gcúis chéanna. Bhí dhá lá i gceist leis an obair seo ionas go bhféadfaí machnamh ceart a dhéanamh ar an méid a tháinig chun cinn.

- Gníomhaíocht leantach:**
 Ar an lá deireanach, bhí na painéil gafa le próiseas fíoraithe agus bailíochtaithe ar an gcéad dréacht de na moltaí a leagadh amach le linn na chéad chéime den obair. A luaithe a cuireadh na torthaí chuig Roinn Beartas Eorpach Uachtaránacht Chomhairle na nAirí, agus a fuarthas an t-údarú ábhartha, roinneadh an leagan críochnaitheach de na moltaí le rannpháirtithe uile an phainéil. I ngach cás, tugadh cuireadh do na rannpháirtithe gníomhaíochtaí na Comhdhála a leanúint tríd an suíomh gréasáin agus trí na nuashonruithe a fhoilseofar.
- Sláine:**
 Rinne an **bhuanmheitheal** an próiseas oibre ar fad, agus í iomlán neamhspleách, de réir an tsannta a fuarthas. Coimeádadh Roinn Beartas Eorpach Uachtaránacht Chomhairle na nAirí ar an eolas i gcónaí faoi chéimeanna éagsúla an tionscnaimh agus faoi na torthaí a bhí á mbaint amach.
- Príobháideachas:**
 Ratháíodh príobháideachas na rannpháirtithe go hiomlán. Bhí ar gach iarrthóir an toiliú feasach a cheanglaítear leis an dlí a shíniú sula ligfí ar an bpainéal iad.
- Measúnú:**
 Ag deireadh an phróisis, tugadh ceistneoir do na rannpháirtithe uile chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-eispéiris, agus tá achoimre ar thorthaí an cheistneora sin sa tuarascáil seo.

2. Nósanna Imeachta maidir le Rannpháirtithe a Roghnú agus maidir lena Rannpháirtíocht

An Próiseas Roghnúcháin

Is é is aidhm don chéim chumarsáide réamhimeachta ar a laghad 50 saoránach Iodálach a earcú a bhfuil suim acu bheith rannpháirteach sa tionscnamh.

Chuirge sin, cuireadh foirm ghearr féin iarratais ar bun: ceistneoir a bhí le líonadh isteach ar líne ar ardán dílseánaigh na **Buanmeithle**, ina bhféadfadh gach duine a mbeadh suim acu bheith rannpháirteach sa tionscnamh iarratas a dhéanamh trí na híos-sonraí is gá a léiriú dá socrúchán sna cnuasaigh as ar tarraingíodh na rannpháirtithe go randamach. Ar na coinníollacha riachtanacha le haghaidh rannpháirtíochta, áiríodh ceangal idirlín, gléas feistithe le micreafón agus físciamara chomh maith le cairt na Comhdhála a shíniú.

Scaipeadh an fhoirm iarratais trí líonraí sóisialta i gcuntais na **Buanmeithle**. Chuirge sin, rinneadh 6 phostáil ar Twitter agus aon phostáil amháin ar LinkedIn, agus seo a leanas na torthaí:

Líonra sóisialta	Dátaí	Líon amharc	Rochtain ar an nasc iarratais
 Twitter	6 phostáil idir an 8 agus an 10 Márta	889	31
 LinkedIn	Aon phostáil amháin an 8 Márta	410	2 5

Ag an am céanna, iarradh ar chomhaltaí Chomhphobal **na Buanmeithle** iarratas a chur isteach, de réir straitéise cuiridh a raibh sé d'aidhm aici ionadaíocht uasta dhaonra na hIodáil a ráthú, ní hamháin i dtéarmaí tréithe soch-anagrafacha, ach i dtéarmaí smaointe, treoshuímh cultúrtha agus luachanna freisin.

Bhíothas in ann iarratais a chur isteach idir 8 r.n. an 8 Márta agus 4i.n. an 10 Márta 2022; le linn na tréimhse sin, bhí rochtain ar an bhfoirm iarratais 420 uair agus 225 iarratas comhlánaithe.

Bhí **140** duine san iomlán incháilithe, agus roghnaíodh 70 acusan de réir critéir a bhí dírithe ar láithreachth chothrom na ndaoine a chinntiú ó thaobh inscne, dáileadh geografach, aoise agus cáilíochtaí oideachais de.


Sa nós imeachta roghnúcháin iarrthóirí, tugadh aird ar leith ar bheith ag feidhmiú de réir phrionsabal na dóchúlachta córa, le nósanna imeachta a bhí bunaithe ar chritéar na randamachta coinníollaí.

Bhí randamacht an roghnaithe ina ghné lárnach den tionscadal chun cothrom na Féinne a chinntiú sa phróiseas rochtana. Mar sin féin, de réir mheon an tionscnaimh, ba léir go raibh sé tábhachtach straitéis a chur i bhfeidhm, ní hamháin chun an líon is mó daoine a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh, ach chun ilchineálacht uasta na ndaoine roghnaithe a chinntiú freisin chun an chuimsitheacht is mó a chur chun cinn.

Mar achoimre, seo a leanas dáileadh na ndaoine sin a bhí incháilithe le bheith rannpháirteach:

Dáileadh na n-iarrthóirí incháilithe

140 




A luaithe a roghnaíodh na 70 iarrthóirí, maidin an imeachta, glaoth orthu siúd a sainaitníodh chun a rannpháirtíocht a dheimhniú. Is é Lárionad Teagmhála dílseánaigh CATI **na Buanmeithle** a rinne an aisghairm. Ar an iomlán, ag deireadh na céime seo, cláraíodh 59 nduine agus deimhníodh a rannpháirtíocht. **Astu sin, ghlac 55 páirt ghníomhach sa phainéal.**

Seo a leanas comhdhéanamh sóisialta agus aoise an phainéil:


Dáileadh na rannpháirtithe ar an iomlán

55 



Is sracfhéachaint é seo ar thorthaí an phróisis earcaíochta:

Sreabhadh an phróisis iarratais



Ábhair Chumarsáide

Chun ardleibhéal spreagtha agus rannpháirtíochta ón gcéad teagmháil a chinntiú, cuireadh na hábhair seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí:

- **Bileoga cur i láthair faoin gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa agus faoi na painéil náisiúnta.**
- **Cairt na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.**
- **Téamaí na dtopaicí a phléifear le linn na bpainéal.**
- **An fhaisnéis theicniúil agus eagraíochtúil a theastaíonn le haghaidh rannpháirtíochta.**

3. Eagrú an Phainéil

Chun rannpháirtíocht daoine le gealltanais oibre a uasmhéadú, bhí an painéal struchtúrtha ar dhá leathlá as a chéile, saoire phoiblí san áireamh, de réir an sceidil seo a leanas:

- **Dé hAoine, an 11 Márta ó 4 i.n. go 8 i.n.**
- **Dé Sathairn, an 12 Márta ó 10 r.n. go 12 i.n.**

Ar thaobh amháin, bhí sé i gceist leis an gcinneadh sin rannpháirtíocht oibrithe sa tionscnamh a éascú agus, ar an taobh eile, an tiomantas do rannpháirtíocht a bhriseadh trí aird agus rannpháirtíocht níos mó a spreagadh, agus plé níos mó á dhéanamh freisin ar na saincheisteanna agus ar na tograí a cuireadh i láthair.

Fuair rannpháirtithe an phainéil rochtain ar an dá sheisiún oibre tríd an ardán GoToMeeting agus roinneadh ina 4 ghrúpa iad (dhá cheann in aghaidh an réimse théamaigh), faoi stiúir mhodhnóir **na Buanmeithle** agus le scríobhaí i láthair chun miontuairiscí na n-idirghabhálacha a ghlacadh. Stiúir na modhnóirí na grúpaí trí dhá phlé-rian éagsúla (ceann amháin do gach réimse téamach), agus é mar aidhm acu go nglacfadh na rannpháirtithe go léir páirt a mhéid is féidir agus cur chuige a chinntiú atá bunaithe ar an uaschuimsiú agus ar an neodracht.


4. An Clár Oibre don Obair

An Chéad Seisiún (Dé hAoine, an 11 Márta 2022)

- 3.00 i.n. – Oscailt an naisc agus deis do rannpháirtithe nascadh leis an ardán agus feidhmiú a gcuid córas fuaimne agus físe a sheiceáil.
- 4.00 i.n. – Réamhrá ón Modhnóir: léirmhíniú ar chúiseanna an tionscnaimh agus struchtúr na hoibre.
- 4.15 i.n. – Miondealú na rannpháirtithe ina ngrúpaí bunaithe ar na sainroghanna atá luaite sa chéim iarratais.
- 4.20 i.n. – Tús an phlé grúpa.
- 8.00 i.n. – Deireadh an tseisiúin.

An Dara Seisiún (Dé Sathairn, an 12 Márta 2022)

- 10.00 – Athchromadh ar an obair agus léamh thorthaí obair an chéad lae.
- 10.15 – Leanúint den phlé, léargais agus tuairimí ó na rannpháirtithe.
- 12.00 – Deireadh na hoibre.



5. Moltaí Bailithe

€ Geilleagar níos láidre, Ceartas Sóisialta agus Poist

1. Múnla Táirgeachta an 20ú hAois a Shárú

Is é an tuiscint atá ag rannpháirtithe an phainéil gur léirigh na heachtraí is déanaí ar domhan (paindéim Covid-19 agus an choinbhleacht idir an Rúis agus an Úcráin) go láidir teorainneacha na samhla táirgeachta Eorpaí atá ann faoi láthair agus gur leag siad béim ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur chuige ‘fichiú haois’, mar a thugann go leor daoine air.

Leis an bhfianaise go bhfuil an Eoraip ag brath ar fhuinneamh agus ar bhia a cheannaítear ó thíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, chomh maith lena fháil amach (le linn na paindéime) nach féidir linn an méid feistí leighis agus vacsaíní a tháirgeadh is gá chun dul chun cinn an víris a chomhrac asainn féin, tuigtear go bhfuil laige bhunúsach inár gcóras eacnamaíoch atá nasctha le heaspa neamhthuilleamaíochta.

Ag an am céanna, tá tuiscint shoiléir ann nach mór sócmhainní láidre ó thaobh na teicneolaíochta de a bheith ag geilleagar níos láidre, a bheidh in ann poist a chruthú i gcomhthéacs ceartais shóisialta. Chun é sin a dhéanamh, tá sé ríthábhachtach tacú le córas oideachais atá dírithe níos mó agus níos mó ar ábhair eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM).

Is cosúil go bhfuil **an nuálaíocht theicneolaíoch, an fuinneamh inbhuanaithe chomh maith leis an turasóireacht agus an cultúr** ina dtrí threo bhunúsacha chun geilleagar na hEorpa a fhorbairt amach anseo, agus béim ar leith á leagan ar an mbuntáirgeadh a choimeád chun an baol a sheachaint go mbeidh róspleáchas ar thíortha nach bhfuil san Aontas chun táirgí agus amhábhair ríthábhachtacha a sholáthar.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

1. Dul i ngleic go héifeachtach leis an athrú aeráide agus le fuinnimh mhalartacha.
2. Infheistíocht a dhéanamh i ngeilleagar atá bunaithe ar an turasóireacht agus ar an gcultúr, lena n-áirítear an iliomad cinn scríbe beaga san Eoraip.
3. Díriú ar an teicneolaíocht agus an nuálaíocht mar spreagadh don fhás.
4. An spleáchas ar thíortha eile maidir le hamhábhair, foinsí fuinnimh agus talmhaíocht a laghdú.
5. Daoine óga a spreagadh chun staidéar a dhéanamh ar ábhair eolaíochta.

2. Rialacháin le haghaidh táirgeadh giniúnach agus cuimsitheach

Chun eagrú eacnamaíoch an fichiú haois a shárú, ní mór athbheithniú a dhéanamh ar na rialacha agus na nósanna imeachta chun gníomhaíocht ghnó a rialáil. Tá ceithre mholadh sa treo seo, a bhfuil loighic den chineál céanna acu: ar thaobh amháin, simpliú na rialacha agus, ar an taobh eile, ardleibhéal forairdill a choinneáil i gcoinne mí-iompair (go háirithe maidir le góchumadh agus iomaíocht éagórach).

Tugtar aird mhór ar an ngá atá le rialacha eacnamaíocha a bheith giniúnach ar an gcéad dul síos, rud a laghdóidh a mhéid is féidir na roghanna sin lena bhforchuirtear caighdeánú ar phróisis táirgthe (táirgí áitiúla sonracha a bhfuil fréamhacha cultúrtha doimhne acu a chur i mbaol), ach freisin scriosadh sócmhainní talmhaíochta mar gheall ar an ngá atá le cainníochtaí táirgeachta réamhshainithe a choinneáil.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

1. **Maorlathas a laghdú (ceadanna, deimhnithe).**
2. **Caighdeánú táirgí a laghdú agus saintréithe cultúrtha agus táirgthe áitiúla agus réigiúnacha a aithint (meas ar thraidisiúin táirgthe).**
3. **Loighic na ‘cuótaí seasta’ sa táirgeadh talmhaíochta a shárú agus deireadh a chur le barraíocht táirgí a eascraíonn as.**
4. **Góchumadh agus iomaíocht éagórach a chomhrac.**

3. Fás a thomhas i sonas daoine agus ní i gcainníocht táirgí

Ní hamháin go gciallaíonn an sárú ar shamhail táirgthe an fichiú haois go n-athraítear modhanna táirgthe, ach freisin go bhfuil cultúr nua ann ina bhfuil táscairí fáis dírithe ní hamháin ar mhéid na n-earraí a tháirgtear, ach ar an gcumas a chinntiú go mbainfidh saoránaigh sprioc sonais amach. Sa gheilleagar nua, ní mór gurb iad daoine is príomhábhar agus ní earraí chun tionchar agus infheistíocht a mheas. Tugann sé sin le tuiscint gur gá bogadh ó chóras táscairí atá bunaithe ar chainníocht na n-earraí a tháirgtear (OTI) go córas atá in ann an dea-bhail a tháirgtear ar dhaoine a thomhas (OTS – olltáirgeacht sonais).

SRACFHÉACHAINT AR AN MOLADH

1. **Geilleagar a fhorbairt a dhíríonn níos mó ar tháirgeadh an tsonais (Olltáirgeacht Sonais) seachas ar earraí (Olltáirgeacht Intíre).**

4. Comhtháthú níos mó i measc Stát

Is léir do chách, fiú dóibh siúd nach bhfuil chomh sásta céanna leis an leagan amach atá ann faoi láthair agus leis na torthaí a bhain an tAontas Eorpach amach go dtí seo, nach leor an t-aontas airgeadaíochta, agus nach mór don Eoraip a bheith in ann gluaiseacht le neart méadaitheach mar eintiteas polaitiúil comhtháite, a bheidh in ann dul i mbun caibidlíochta go seachtrach d'aon ghuth agus gníomhú le dlúthpháirtíocht níos fearr go himmheánach. Is gné lárnach é aontas níos fearr chun neart polaitiúil, tráchtála agus táirgiúil an Aontais Eorpaigh a mhéadú: aonchineálacht na ndlíthe bunúsacha chomh maith le córas comhtháite cánachais do ghnólachtaí agus do shaoránaigh, córas ina ndéantar pá agus seirbhísí do shaoránaigh a ailíniú. Is ar an gcaoi sin amháin a bheidh an Eoraip in ann na difríochtaí sóisialta a laghdú agus an caighdeán maireachtála a chur chun cinn.

Ciallaíonn sé sin gan dul siar ar an méid a baineadh amach le blianta beaga anuas agus coincheap an leasa a chaomhnú, rud a léirigh na rannpháirtithe sa phainéal mar an ceann is úire ar domhan agus an ceann is cúramaí chun comhdheiseanna agus ceartas sóisialta a ráthú dá shaoránaigh.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Ná cur cearta leasa i gcontúirt (sláinte phoiblí, oideachas poiblí, beartais saothair).**
- 2. An méid a rinneadh i dtéarmaí an airgeadra aonair agus idirnascaidh na gcóras íocaíochta agus na teileachumarsáide a chomhdhlúthú.**

Sa lá atá inniu ann, áfach, is cosúil nach leor é a thuilleadh an méid atá déanta san am a chuaigh thart, agus ní mór dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh ó thaobh lánpháirtíochta de i measc na mBallstát maidir le todhchaí na hEorpa, de réir fíis inmheánaí nach bhfuil bunaithe a thuilleadh ar iomaíocht, ach ar chomhar, lena gcuirtear ar chumas gach saoránach Eorpach na córais chéanna ráthaíochtaí agus deiseanna a bheith acu i mBallstáit uile an Aontais.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Féinleas na Stát aonair a shárú agus an claonadh leasanna aonair a lorg chun aimhleasa daoine eile.**
- 2. Córas a bhunú lena bhforáiltear do na dlíthe céanna, do na córais chánachais chéanna, do na cearta céanna agus do na dualgais chéanna i ngach tír.**
- 3. Córais chánach a chomhordú i measc na Stát éagsúla, go háirithe maidir le cuideachtaí (gan saorchriosanna ná cánachas íseal).**
- 4. Praghsanna comhleanúnacha táirgí agus ráthaíocht maidir le cumhacht ceannaigh chothrom ar fud na Stát éagsúla.**
- 5. Éagothromaíochtaí pá a laghdú ar fud na Stát éagsúla agus na réigiún geografach laistigh díobh.**
- 6. Freagracht choiteann a dhéanamh d'fhiachas náisiúnta na mBallstát éagsúla.**

5. Beartais maidir le cuimsiú

Is ionann Eoraip chuimsitheach agus Eoraip atá cothrom agus in ann sonas a thabhairt dá saoránaigh, agus a choimeádann ardleibhéal airde i gcónaí maidir le héagothromaíochtaí a chomhrac. Leagtar amach sna moltaí cúrsa chun spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach (amhail comhionannas inscne), agus léirítear iontu ceanglais nua atá nasctha le claochluithe cultúrtha sochaithe comhaimseartha (neamhionannas digiteach agus an ceart chun maireachtáil i dtimpeallacht shláintiúil).

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Comhionannas inscne iomlán a bhaint amach, lena n-áirítear saoire atharthachta agus saoráidí cúraim leanaí a neartú.**
- 2. Dul i ngleic le neamhionannais dhigiteacha.**
- 3. A chinntiú gur féidir le gach saoránach Eorpach maireachtáil i dtimpeallacht shláintiúil inbhuanaithe.**
- 4. An deis ar shoghluaisteacht shóisialta a chinntiú agus, dá bhrí sin, deis iomlán a bheith acu ar fhéinréadú agus ar fhéinchinntiúchán.**
- 5. An t-athrú glúine a chur chun cinn ar gach leibhéal.**
- 6. Glacadh isteach dídeanaithe agus imirceach a bhainistiú ar bhealach cothrom ar fud na Stát éagsúla.**

Arís eile, is cosúil go bhfuil ról lárnach ag scoileanna agus ag beartais oideachais, ní hamháin chun na scileanna a theastaíonn ó dhaoine óga chun dul isteach i margadh an tsaothair a chur ar fáil dóibh, ach chun cultúr Eorpach a thógáil freisin. Tar éis Eoraip na n-institiúidí a thógáil, tá sé ríthábhachtach Eoraip na ndaoine a thógáil. Ón taobh sin de, leagtar béim ar a thábhachtaí atá teanga choiteann chun comhphlé idir saoránaigh tíortha éagsúla agus rochtain chomhionann ar sheirbhísí a chumasú. Tar éis teipeadh na haislinge a bhain le hEsperanto, d'ardaigh imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach amhras faoin bhféidearthacht an Béarla a ghlacadh mar theanga chomhroinnte, teanga lárnach sa chaidreamh idirnáisiúnta agus laistigh den chóras eolaíoch agus eacnamaíoch.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Glacadh teanga choiteann a chur chun cinn.**
- 2. Infheistíocht i scoileanna agus i múineadh stair na hEorpa seachas na náisiún aonair chomh maith le hinfeistíocht i ngeilleagar polaitiúil agus in oideachas saorántachta.**
- 3. Rochtain ar chultúr, ar oideachas agus ar mhalartuithe idir mic léinn agus saoránaigh na mBallstát éagsúla**

Is cuid riachtanach iad beartais maidir le cuimsiú chun rochtain ar dheiseanna a ráthú do shaoránaigh. Maidir leis sin, chuir na rannpháirtithe sa phainéal béim ar an gcaoi ar minic nach raibh an Iodáil in ann na cistí Eorpacha a cuireadh ar fáil chun na críche sin a úsáid. Ciallaíonn cuimsiú agus inrochtaineacht go bhfuil na hinstiúidí Eorpacha níos gaire dá saoránaigh, agus níos mó faisnéise agus feasachta acu faoi na cearta atá ag saoránaigh na hEorpa. Ón taobh sin de, tháinig an tábhacht a bhaineann le caidreamh díreach idir instiúidí an Aontais agus saoránaigh chun cinn, gan idirghabháil a bheith á déanamh ag na Ballstáit.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Úsáid cistí Eorpacha a chur chun cinn chun éagothromaíochtaí a laghdú.**
- 2. Inrochtaineacht agus cóngarachacht na n-instiúidí Eorpacha do shaoránaigh.**
- 3. Rochtain dhíreach a spreagadh do shaoránaigh chomh maith lena gcearta agus a ndeiseanna a chur in iúl go soiléir.**

6. Fostaíocht

Il Tháinig saincheist na fostaíochta chun cinn go comhsheasmhach mar ghné thrasearnálach agus mar éifeacht dhíreach ar chumas an Aontais Eorpaigh a mholtaí a leanúint. Sa díospóireacht i measc na rannpháirtithe, ba léir go raibh saincheist na fostaíochta lárnach i saol na ndaoine, ach nach bhféadfaí í a shaothrú gan saincheisteanna a bhaineann le ceartas eacnamaíoch agus sóisialta a neartú. Táthar ag súil go mór le hAontas Eorpach ina mbeidh beartais ghníomhacha saothair fós lárnach agus á gcomhordú níos mó agus níos mó.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Malartuithe idir oibrithe san Eoraip a chur chun cinn trí Lárionad Fostaíochta Eorpaigh.**
- 2. Beartais fostaíochta a chomhtháthú ar leibhéal an Aontais.**
- 3. Dreasachtaí a sholáthar do chuideachtaí a thairgeann fostaíocht.**



An Eoraip sa domhan

Bhí tionchar mór ag imeachtaí idirnáisiúnta a tharla le déanaí agus, go háirithe, ag an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin, ar an tuiscint ar an ról ba cheart don Eoraip a imirt go hidirnáisiúnta.

Dhírigh na moltaí a bailíodh go bunúsach ar ais arb é is aidhm di an tAontas a neartú (ó thaobh féiniúlachta agus mar fhórsa eacnamaíoch de araon) agus é a chur mar shamhail tagartha agus spreagtha ina chaidreamh do thíortha eile.



1. An Fhéiniúlacht Eorpach a Neartú

Chun aitheantas a fháil lasmuigh dá theorainneacha, ní mór don Aontas Eorpach a bheith comhtháite go himheánach ar an gcéad dul síos, ní hamháin ó thaobh na heacnamaíochta agus an airgeadais de, ach ó thaobh féiniúlachta agus luachanna de freisin. Féiniúlacht nach bhfuil cruthaithe trí fhorimeas, ach trí shainiúlachtaí áitiúla a fheabhsú laistigh de chreat luachanna bunúsacha comhroinnte.

I ndáil leis sin, breathnaítear freisin ar mhéadú féideartha imlíne an Aontais nár cheart a dhéanamh, de réir roinnt rannpháirtithe an phainéil, ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, ach ina ionad sin díriú ar aitheantas frithpháirteach cultúrtha agus luacha seachas ar chaighdeáin eacnamaíocha.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Luachanna Eorpacha, tréithe cultúrtha agus sainiúlachtaí réigiúnacha a fheabhsú.**
- 2. Institiúid do chultúr na hEorpa a chruthú chun cultúr measa agus malairte a chothú idir saoránaigh Stát éagsúla.**
- 3. Prionsabail na muintearais do thíortha nua is iarrthóirí a athshainiú, le gnéithe amhail féiniúlacht chultúrtha agus luachanna a neartú.**

2. An Geilleagar agus na hInstitiúidí a neartú

Iarrtar ar Eoraip na todhchaí ról ceannasach a bheith aici ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus ní féidir an ról sin a ghlacadh go dtí go mbeidh an tAontas láidir agus neamhspleách ó thíortha eile. Tá feasacht fhorleathan ann go bhfuil tíortha an Aontais bocht ó thaobh amhábhair de, ach is cosúil go bhfuil sé riachtanach go mbeadh an tAontas in ann neamhspleáchas níos fearr a chinntiú i dtéarmaí soláthairtí fuinnimh, agus táirgí talmhaíochta agus teicneolaíochta.

Chuige sin, tá gá le hinfheistíochtaí beachta chun breith suas i réimsí amhail an teicneolaíocht (agus an chuma ar an scéal nach bhfuil ról ceannasach ag an Aontas Eorpach faoi láthair), ach in earnáil an bhia agus an fhuinnimh freisin.

Leis an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin tugadh ar ais chuig lár na díospóireachta an tábhacht a bhaineann le beartas Eorpach cosanta comhtháite, le féiniúlacht shonrach agus níos mó neamhspleáchais ó ECAT, gan amhras a chur ar a bhallraíocht.

Ar deireadh, tá roghanna beachta i gceist leis don todhchaí, le hinfheistíocht láidir san eolaíocht agus sa taighde agus sa taighde chun scileanna Eorpaigh óga a mhéadú.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Acmhainneacht táirgeachta intíre a neartú: biashlabhra (cruithneacht go háirithe) agus teicneolaíocht (micrishliseanna).**
- 2. Táirgí tipiciúla réigiúnacha agus Eorpacha a fheabhsú.**
- 3. Braislí tionsclaíochta Eorpacha a neartú (e.g. cruach).**
- 4. Táirgeadh fuinnimh áitiúil a neartú ó pheirspictíocht ghlas (gás, grian, gaoth).**
- 5. Teicneolaíochtaí aeraspáis a fhorbairt.**
- 6. Saotharlanna eolaíochta Eorpacha a chruthú (Banc Víris Eorpach).**
- 7. Arm coiteann Eorpach a chruthú faoi chuimsiú ECAT, agus cuidiú freisin dul níos faide ná sin.**
- 8. Infheistíocht a dhéanamh in oiliúint d'oiliúnoirí (malartuithe Eorpacha do mhúinteoirí, Erasmus do mhúinteoirí).**
- 9. Feabhas a chur ar shoghluaisteacht taighdeoirí Eorpacha trí institiúidí eolaíochta Comhphobail nua a fhorbairt.**
- 10. Teacht chun cinn gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a chur chun cinn.**

3. Comhar agus Comhpháirtíochtaí

Ní fhéachtar ar Eoraip na todhchaí mar dhún ag cosaint a cuid saibhris, ach mar cheannródaí ar an leibhéal idirnáisiúnta atá in ann dul i mbun idirphlé le tíortha uile an domhain. Is idirphlé é sin a thosaíonn le cumhacht tráchtála agus ba cheart ceannaireacht eacnamaíoch, ar féidir í a chomhdhlúthú trí chomhpháirtíochtaí agus tionscadail a thógáil le raon feidhme mór idirnáisiúnta, a bheith mar aidhm leis.

Leis an méid sin, féachtar le comhar a bhaint amach agus aird a thabhairt ar limistéir den domhan nach bhfuil chomh slán céanna, le tionscadail *ad hoc* nuair is gá chun na tíortha is boichte a chur chun cinn, agus malartú cultúrtha agus eacnamaíoch le tíortha an Oirthir.

Tugtar aird ar leith ar shaincheist na himirce, le comhordú níos fearr thar na stáit éagsúla agus nósanna imeachta comhroinnte chun iarrataí agus daoine a bhainistiú.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ

- 1. Borradh a chur faoi onnmhairí.**
- 2. Bealaí turasóireachta trasnáisiúnta Eorpacha a chur chun cinn.**
- 3. Córas tráchtála caibidlíochta a fhorbairt ar an leibhéal Eorpach (mar Aontas, seachas mar Stáit ná cuideachtaí aonair) chun cumhacht margála níos fearr a bheith aige, ach le srianta a bhaineann le cearta an duine a urramú freisin.**
- 4. Mórthionscadail idirnáisiúnta a dhéanamh, amhail an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.**
- 5. Tionscadail a mhaoiniú san Afraic chun scoileanna agus ospidéal a thógáil gan dearcadh coilíneach agus ina ionad sin é a bheith mar aidhm cearta agus luachanna Eorpacha a urramú.**
- 6. Infheistíocht a dhéanamh in oiliúint ar an láthair (go háirithe do mhná) sna tíortha is boichte.**
- 7. Malartuithe teicneoirí agus oiliúnóirí a chur chun cinn.**
- 8. Córas comhrialacha a thógáil maidir le rochtain d'imircigh, le próisis dhifriúla idir imirce dhaonnúil agus eacnamaíoch agus dáileadh cothrom ar fud na Stát éagsúla le rialacha comhchoiteanna (daonáireamh agus rialú iompraíochta agus fostaíochta).**

4. Pointe Tagartha Polaitiúil agus Cultúrtha

Sa chás a leagtar amach thuas, iarrtar ar an Eoraip pointe tagartha soiléir polaitiúil agus cultúrtha a léiriú ar an leibhéal domhanda ó thaobh cearta agus eitice de, agus sampla á leagan amach trí chinntí a dhéanamh lena ndíreofar ar thimpeallacht shláintiúil a ráthú, ar urraim do chearta daoine agus ar idirphlé idir an tOirthear agus an tIarthar.

SRACFHÉACHAINT AR NA MOLTAÍ


- 1. A bheith ar thús cadhnaíochta mar mhór-roinn ghlas, aeráidneodracht a bhaint amach roimh thíortha eile agus táirgeadh fuinnimh ghlain a mhéadú (gaoth agus grian).**
- 2. Teicneolaíochtaí a onnmhairiú chun earraí gan tionchar a tháirgeadh.**
- 3. Gníomhú mar chomhthionól (áit phoiblí, fóram) idir an tOirthear agus an tIarthar, malartuithe cultúrtha agus comhthionscnaimh chultúrtha a chur chun cinn (amhail Laethanta Domhanda na hEalaíne, atá le tionóil i bpríomhchathracha éagsúla na hEorpa agus le clár ealaíne lena n-áirítear ealaíontóirí ón Iarthair agus ón Oirthear).**
- 4. Samhail eiticiúil Eorpach a chruthú chun próisis imirce a bhainistiú atá le roinnt go hidirnáisiúnta.**

6. Meastóireacht Chríochnaitheach ag na Rannpháirtithe

Ag deireadh an dá lá oibre, iarradh ar na rannpháirtithe ar fad ceistneoir a líonadh isteach chun meastóireacht a dhéanamh ar a n-eispéireas. Seoladh an ceistneoir meastóireachta amach dhá lá tar éis dheireadh an phainéil chun am a thabhairt do na rannpháirtithe uile a machnamh a dhéanamh ar an eispéireas agus aiseolas cothrom a thabhairt.

Léiríodh ardleibhéal sástachta sna torthaí a bailíodh, sástacht i dtéarmaí spéise agus ó thaobh éascaíochta rannpháirtíochta de agus ó thaobh na héisteachta agus an chuimsithe de.


SÁSTACHT AS PÁIRT A GHLACADH SA PHAINÉAL



Cé go raibh taithí, scileanna agus inspreath éagsúil ag na rannpháirtithe, mheas siad go raibh ról mór acu: Mheas 98 % de na freagróirí ar an gceistneoir meastóireachta gur ghlac siad páirt ghníomhach agus chuir siad go dearfach leis an díospóireacht.

Tríd is tríd, bhí tuiscint an-láidir ann ar a úsáidí a bhí an t-eispéireas sin, a measadh thar aon ní mar dheis le haghaidh rannpháirtíochta gníomhaí agus a chruthaigh braistint níos dlúithe d'institiúidí an Chomhphobail. Mar thoradh air sin, d'iarr beagnach gach freagróir go ndéanfaí an cineál seo tionscnaimh arís le himeacht ama.

MEASÚNÚ AR ÁBHARTHACHT 'PAINÉAL NA hIODÁILE DON CHOMHDHÁIL MAIDIR LE TODHCHAÍ NA hEORPA'



Thug na rannpháirtithe uile le fios dá n-eagrófaí tionscnamh den sórt sin arís, ní hamháin go nglacadh siad páirt go toilteanach ann ach mholfaidís dá gcairde páirt a ghlacadh ann freisin.